

Foilsiú Cinneadh agus Smachtbhanna i ndiaidh Fiosrúcháin a tharla faoi Chuid 5 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 – 2015:

Cuireadh fiosrúchán ar bun roimh Phainéal an Choiste Smachta maidir le Colm McCarthy ar an 28ú Iúil 2022.

Cruthaíodh na líomhaintí seo a leanas:

Gur rinne Colm McCarthy, mar mhúinteoir cáilithe, na míghníomhartha seo a leanas:

1. Le linn an tréimhse idir an 12 Deireadh Fómhair 2018 agus an 23 Deireadh Fómhair 2018, i gcomhthéacs a iarratais le haghaidh poist mhúinteoireachta ag Scoil Idirnáisiúnta Udon Thani, An Téalainn;
 - a) chuir sé curriculum vitae nó résumé isteach ina ndúirt sé go bréagach go raibh sé ag obair mar mhúinteoir ranga i mBliain a 4 ag Scoil Náisiúnta 'Educate Together', Carraig Uí Leighin, agus go raibh sé ag obair sa scoil sin ó Mheán Fómhair 2017; agus/nó
 - b) chuir sé liosta moltóirí ar fáil trí ríomhphost dátaithe ón 22 Deireadh Fómhair 2018 ionas go mbeifí in ann dul i dteagmháil leo chun teistiméireacht a fháil, agus ar an dóigh seo, thug sé seoladh ríomhphost bréagach go feasach, agus/nó uimhir theileafóin bhréagach, do "*phríomhoide Scoil Náisiúnta 'Educate Together' Carraig Uí Leighin, Éire*"; agus/nó
 - c) chuir sé/d'eagraigh sé soláthar teistiméarachta bréagaí i ríomhphost dátaithe ón 23 Deireadh Fómhair October 2018 ag maíomh gur scríobh príomhoide Scoil Náisiúnta 'Educate Together' Carraig Uí Leighin é; agus/nó
2. Ar an nó timpeall an 19 Samhain 2018, chuir sé curriculum vitae nó résumé isteach trí ríomhphost chuig "Teach Anywhere", chomhlacht a bhí ag earcú do phost múinteoireachta san Ísiltír, agus sa churriculum vitae nó résumé:
 - a) dúirt sé go bréagach go raibh sé ag obair mar mhúinteoir ranga i mBliain a 4 ag Scoil Náisiúnta 'Educate Together', Carraig Uí Leighin, agus go raibh sé ag obair sa scoil sin ó Mheán Fómhair 2017; agus/nó
3. Le linn an tréimhse idir an 12 Samhain 2020 agus an 23 Samhain 2020, i gcomhthéacs a iarratais chug comhlacht darb ainm "Teach Anywhere" le haghaidh poist mhúinteoireachta i Scoil Idirnáisiúnta Maenmar;
 - a) chuir sé isteach agus/nó d'eagraigh sé aighneacht teistiméireachta bréagaí, ag maíomh gur scríobh príomhoide Scoil Náisiúnta 'Educate Together' Carraig Uí Leighin é; agus/nó

- b) chuir sé curriculum vitae nó résumé isteach ina ndúirt sé go bréagach go raibh sé ag obair mar mhúinteoir ranga i mBliain a 4 ag Scoil Náisiúnta 'Educate Together', Carraig Uí Leighin, agus go raibh sé ag obair sa scoil sin ó Mheán Fómhair 2017; agus/nó
- c) dúirt sé go bréagach go raibh sé ag obair ag Scoil Náisiúnta 'Educate Together', Carraig Uí Leighin, agus go raibh sé ag obair sa scoil sin ón 1 Meán Fómhair 2017; agus/nó
- d) nuair a bhí air sonraí an mholtóra a thabhairt, thug sé seoladh ríomhphoist bréagach go feasach, ag maíomh gurb é an "*Leasphríomhoide i Scoil Náisiúnta 'Educate Together', Carraig Uí Leighin*".

Chinn an Painéal gurbh ionann iompar an mhúinteora cáilithe maidir le gach ceann de na fo-líomhaintí seo a glacadh ina n-aonar agus/nó i dteannta a chéile agus/nó go carnach agus mí-iompar gairmiúil.

I ndiaidh an fhiosrúcháin, chinn Painéal an Choiste Araíonachta ainm an mhúinteora chláraithe a bhaint de chlár na múinteoirí agus chinn sé nach mbeadh an múinteoir cláraithe i dteideal iarratas a dhéanamh go gcuirfí ar ais ar an gclár é, faoi Alt 31 de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 go 2015, roimh dheireadh tréimhse ceithre bliana.

Dhearbhaigh an Ard-Chúirt cinneadh Phainéal an Choiste Araíonachta ar an 14 Samhain 2022 agus tháinig an smachtbhanna i bhfeidhm.

Dáta an Fhógra: 6 Márta 2023